Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.04 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochtamaidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin mar a leagtar amach go díreach thíos.

**Luacháil sócmhainní caipitil**

Mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020, chuir an Oifig tairseach €1,000 i bhfeidhm maidir le caipitliú a cuid sócmhainní caipitil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir/Ceann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnach seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as rialuithe a oibriú laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartúcháin iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe;

- Go bhfuil córas buiséad iomchuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú;
- Go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- Go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig;
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann agus go gcloítear le disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go gcoinníonn an Oifig feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte i scríbhinn atá ceadaithe agam. Bíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a d’fhormheas mé, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaíi bhfeidhm don Oifig le linn 2020.

***Comhlíonadh soláthair***

Dearbhaím go gcinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte cé is moite de chonradh amháin (níos mó ná €25,000), arbh fhiú €152,589 é (gan CBL a áireamh); leagtar amach na sonraí thíos:

- Dámhadh conradh amháin dar luach €152,589 do sheirbhísí dréachtaithe parlaiminte gan próiseas iomaíoch agus tá sé san áireamh i dtuairisceán 40/02. Measadh nach raibh sé comhlíontach, toisc nach raibh an conradh faoi réir próiseas iomaíoch i rith na bliana agus toisc go bhfuil an Oifig sásta nach féidir an obair a fháil ar bhealach níos eacnamaíche mar gheall ar shainchineál na hoibre atá i gceist.

Chuir an Oifig sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear na rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na heasnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíocht (CCB), nuair is ábhartha. Dearbhaím gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil próisis ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe san Oifig, agus rinneadh gnéithe áirithe den timpeallacht rialaithe a oiriúnú chun maolú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as na srianta san ionad oibre a forchuireadh mar thoradh ar an bpaindéim. Áirítear leis seo cianobair a éascú, sonraisc leictreonacha a chur isteach agus íocaíochtaí a cheadú go digiteach.

D'aithin an Oifig costais bhreise de thart ar €250,000 a tabhaíodh in 2020 a bhain le freagra na hOifige ar oibriú i dtimpeallacht Covid. Tarraingítear aird ar an gcostas is ábhartha de na costais seo sa mhíniú ar dhifríochtaí le haghaidh fho-mhírcheann A(v) Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha.

Faoin gcreat riosca agus rialaithe, rinne an bhainistíocht measúnú riosca ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe atá ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 de bheith éifeachtach.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach maidir le 2020, a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Damien Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

23 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ard-Aighne agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Iúil 2021

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

# Cuntas Leithreasa 2020

| | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A Seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí | 16,885 | 15,682 | 15,153 |
| **Ollchaiteachas** | **16,885** | **15,682** | **15,153** |
| *Lúide* | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | **705** | **542** | **580** |
| **Glanchaiteachas** | **16,180** | **15,140** | **14,573** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,039,697** | **1,019,223** |

**Damien Maloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

23 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 2,129 | 2,073 |
| Pá | | 11,377 | 10,971 |
| Neamhphá | | 2,176 | 2,109 |
| **Ollchaiteachas** | | **15,682** | **15,153** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabair** | | **542** | **580** |
| **Glanchaiteachas** | | **15,140** | **14,573** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (368) | | |
| Dímheas | 204 | (164) | 75 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (35) | | |
| Méadú ar stoc | (2) | (37) | (79) |
| **Caiteachas díreach** | | **14,939** | **14,569** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,821 | 2,521 |
| Measchíosanna | | 791 | 791 |
| **Glanchostas an chláir** | | **18,551** | **17,881** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 3 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 2,317 | 1,996 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 171 | 214 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 15 | 13 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin maidir le hiarArd-Aighní | | 318 | 298 |
| | | **2,821** | **2,521** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **Nóta** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 491 | 327 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 212 | (62) |
| Stoic | 2.2 | 42 | 40 |
| Réamhíocaíochtaí | | 192 | 159 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 59 | 84 |
| Ioncam fabhraithe | | 1 | 3 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite | 2.5 | 67 | 21 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **573** | **245** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 65 | 69 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 338 | 43 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **403** | **112** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 170 | 133 |
| **Glansócmhainní** | | **661** | **460** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **661** | **460** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 1,687 | 4,800 | 6,487 |
| Breiseanna | 23 | 345 | 368 |
| Diúscairtí | (2) | — | (2) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 1,708 | 5,145 | 6,853 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 1,638 | 4,522 | 6,160 |
| Dímheas don bhliain | 21 | 183 | 204 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2) | — | (2) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 1,657 | 4,705 | 6,362 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **51** | **440** | **491** |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019** | **49** | **278** | **327** |

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 19 | 15 |
| Ábhar inchaite TF | 23 | 25 |
| | **42** | **40** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 38 | 38 |
| Scéim in-fhorchúitithe pas taistil in- | 4 | 41 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 17 | 5 |
| | **59** | **84** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 177 | — |
| Tobhach ioncaim | 37 | — |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 106 | — |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 16 | 8 |
| Cáin bhreisluacha | — | 31 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | — | 4 |
| Creidiúnaithe eile | 2 | — |
| | **338** | **43** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 1,040 | 1,019 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,107) | (1,040) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(67)** | **(21)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 59 | 84 |
| | **59** | **84** |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (338) | (43) |
| Banc agus airgead tirim | 212 | (62) |
| | **(126)** | **(105)** |
| | **(67)** | **(21)** |

## 2.6 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 460 | 456 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 16,180 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,040) | | |
| Glanvóta | | | 15,140 | 14,573 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 2,821 | 2,521 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 791 | 791 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (18,551) | (17,881) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **661** | **460** |

## 2.7 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **570** | **559** |

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A chun costálacha iomlána na gclár A chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 12,107 | 11,377 | 10,971 |
| ii | Taisteal agus cothú | 310 | 80 | 271 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 640 | 484 | 646 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 63 | 75 | 68 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 665 | 1,026 | 705 |
| vi | Costais áitribh oifige | 160 | 103 | 82 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 43 | 29 | 5 |
| viii | Saineolas dlí faoi chonradh | 280 | 240 | 180 |
| | | **14,268** | **13,414** | **12,928** |

### Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar Meastacháin €12.107 milliún; toradh €11.377 milliún*

D'eascair an coigilteas de €730,000 toisc nár líonadh gach post san Oifig i gcónaí i rith na bliana. Le linn na gcéimeanna luatha den phaindéim, ní raibh an Oifig ag earcú foirne agus níor bhog sí chun na folúntais a bhí ann cheana agus folúntais bhreise a líonadh ach sa dara leath de 2020.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar Meastacháin €310,000; toradh €80,000*

D'eascair an coigilteas de €230,000 mar gheall ar na srianta ar thaisteal le linn na paindéime.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar Meastacháin €665,000; toradh €1.026 milliún*

D'eascair róchaiteachas de €361,000 faoin bhfo-mhírcheann seo agus bhí gá le beagnach €250,000 de seo chun trealamh TF agus seirbhísí tacaíochta a cheannach chun an Oifig a threalmhú chun leanúint ar aghaidh ag obair le linn phaindéim Covid-19.

## Clár A Seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 12,107 | 11,377 | 10,971 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 2,161 | 2,037 | 1,957 |
| A.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 45 | 50 | 44 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2,439 | 2,129 | 2,073 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí | 133 | 89 | 108 |
| | | **16,885** | **15,682** | **15,153** |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1.203 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €854,000 de seo le caiteachas riaracháin agus tháinig an €349,000 eile as na nithe seo a leanas go príomha:

**A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

*Soláthar meastacháin €2.439 milliún; toradh €2.129 milliún*

D'eascair an t-easnamh de €310,000 mar gheall ar níos lú ná líon iomlán foirne a bheith ann don bhliain iomlán agus costais riaracháin agus oifige a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar thionchar Covid-19.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 697 | 540 | 577 |
| 2 | Ilghnéitheach | 8 | 2 | 3 |
| | **Iomlán** | **705** | **542** | **580** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar fháltais (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €163,000 níos lú ná an meastachán..

**1 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastacháin €697,000; réadaithe €540,000*

Ullmhaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an figiúr soláthair meastacháin d'fháltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí gach bliain thar ceann na hOifige. D'eascair an t-easnamh de €157,000 do 2020 toisc nár líonadh gach post ceadaithe, san Oifig agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí, i gcónaí le linn 2020. Mar thoradh ar an laghdú ar na tuarastail a íocadh agus an ráta RAB is infheidhme maidir leis na poist seo, laghdaíodh ina dhiaidh sin luach na ranníocaíochtaí aoisliúntais iarbhír a íocadh.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Oifig an Ard-Aighne | 138 | 137 |
| Gníomhaireachtaí | 18 | 20 |
| **Iomlán** | **156** | **157** |

## 5.2 Pá – Oifig an Ard-Aighne

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 10,356 | 9,967 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 63 | 90 |
| Liúntais eile | 14 | 14 |
| Ragobair | 6 | 14 |
| ÁSPC an Fhostóra | 938 | 886 |
| **Pá Iomlán** | **11,377** | **10,971** |

## 5.2 Pá - Gníomhaireachtaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,202 | 1,128 |
| ÁSPC an Fhostóra | 104 | 95 |
| **Pá Iomlán [a]** | **1,306** | **1,223** |

Nóta [a] Fuair an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí deontas €2.129 milliún faoi Fho-mhírcheann A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 2020 (€2.073 milliún in 2019). Chuir an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí na figiúirí pá a tuairiscíodh thuas ar fáil.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 13 | 2 | 11,050 | 20,745 |
| Liúntais eile | 9 | — | 4,533 | 8,969 |
| Ragobair | 4 | — | 5,781 | 9,391 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | 2 | 11,912 | 7,467 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas de €260,774 i leith chostais tuarastail triúir oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig le linn na bliana 2020 ar fad nó cuid di. Ní chuimsíonn an cuntas seo caiteachas i leith 34 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig le linn na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus ar íoc an roinn/oifig óstach a dtuarastail.

## 5.5 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

Le linn 2020, fuair triúr ball foirne ó Oifig Phríobháideach an Ard-Aighne, ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht tar éis athrú rialtais, scaoilíocaíochtaí de €43,441. Fuair beirt díobh íocaíochtaí iomarcaíochta de €18,276 freisin. B'ionann na híocaíochtaí iomlána a rinneadh i rith na bliana agus €61,717.

## Aguisín A Cuntais faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne

Liostaíonn an tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugann sé le fios (amhail ar dháta sínithe an chuntais), an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an tréimhse inar tíolacadh don Oireachtas iad.

| Comhlacht | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an tAire/Roinn | Dáta curtha faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2019 | 4 Samhain 2020 | 23 Samhain 2020 | 3 Nollaig 2020 |